



Comhairle Contae  
Ros Comáin  
Roscommon  
County Council



## Iniúchta Ráiteas Airgeadais Bliantúil Iniúchta 2024

Don bhliain dar críoch  
an 31 Nollaig 2024



# Clár na nÁbhar

Leathanach

|                                                                                                                                                |           |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>Athbhreithniú Airgeadais</b>                                                                                                                | <b>3</b>  |
| <b>Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra Airgeadais, Soláthair, Fiontair, Rialaithe Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála</b> | <b>8</b>  |
| <b>Tuairim an Iniúcháir Neamhspleách</b>                                                                                                       | <b>9</b>  |
| <b>Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta</b>                                                                                               | <b>11</b> |
| <b>Cuntais Airgeadais</b>                                                                                                                      | <b>15</b> |
| Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach<br>(Ráiteas Cuntais Ar Ioncam & Ar Chaiteachas)                                                                 | 16        |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe)                                                                                             | 17        |
| Ráiteas Sreabhaidh Cistí                                                                                                                       | 18        |
| Nótaí leis na Cuntais agus atá Mar Chuid díobh                                                                                                 | 19-30     |
| <b>Aguisíní</b>                                                                                                                                | <b>31</b> |
| 1 Anailís ar Chaiteachas                                                                                                                       | 32        |
| 2 Caiteachas agus Ioncam de réir Rannáin                                                                                                       | 33        |
| 3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus ó Fhóirdheontais                                                                                          | 39        |
| 4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus ó Sheirbhísí                                                                                                 | 40        |
| 5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitil                                                                                                 | 41        |
| 6 Caiteachas agus Ioncam Caipitil de réir Rannáin                                                                                              | 42        |
| 7 Ollbhailiúcháin Ioncaim                                                                                                                      | 43        |
| 8 Leas Údarás Áitiúil i gCuideachtaí                                                                                                           | 44        |
| 9 Aistrithe idir an Cuntas Ioncaim agus an Cuntas Caipitil                                                                                     | 45        |





## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

## Ráiteas Airgeadais Bliantúil don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024

# ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

### Réamhrá

Leagtar amach sa **Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB)** seo torthaí ghníomhaíochtaí airgeadais Chomhairle Contae Ros Comáin don bhliain 2024 (Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais)) agus léirítear ann staid airgeadais na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2024 (An Cuntas Caipitil agus an Clár Comhardaithe). Ullmhaítear an RAB de réir na gceanglas reachtúil lena rialaítear soláthar na ráiteas airgeadais d'údaráis áitiúla arna leagan síos ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

### Iniúchadh

Déanann Seirbhís Iniúcháireachta na nÚdarás Áitiúil iniúchadh reachtúil bliantúil ar an RAB chun tuairim neamhspleách a thabhairt faoi cé acu a thugann sé léiriú fíor ar an staid airgeadais ag deireadh na bliana nó nach dtugann. Chomh maith leis sin, agus i gcomhréir le hAlt 120 (1) (C) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, ullmhaíonn an tIniúcháir a cheap an Rialtas Áitiúil Tuarascáil Iniúchta Reachtúil.

### Príomhphointí

Táim an-sásta a chur in iúl do na Comhaltaí go bhfuil barrachas €28k bainte amach sa Chuntas Ioncaim, rud a chiallaíonn anois gurb ionann an cúlchiste ginearálta carntha ag deireadh na bliana 2024 agus €326k.

Ba é €211m an méid iomlán (gan aistriú san áireamh) a caitheadh as an gCuntas Ioncaim agus Caipitil le linn na bliana 2024 chun seirbhísí a sholáthar do mhuintir Ros Comáin.

Rinneadh airgead na Comhairle Contae a bhainistiú go stuama, gan dul i muinín na rótharraingthe le linn na bliana, agus ag an am céanna cinntíodh gur íocadh 98% (ar aon dul le 2023) de shonraisc laistigh de 30 lá.

Tháinig méadú 4% ar an ráta bailithe rátaí go 92% in 2024.

Tháinig laghdú beag ar an bhfeidhmíocht bailithe cíosa faoi 1% go 89% in 2024.

Tháinig méadú ar an ráta bailithe iasachtaí ó 75% in 2023 go 89% in 2024 toisc go bhfuil laghdú ag teacht ar an bhfiachas stairiúil a bhaineann le hiasachtaí a tugadh sna 1980idí agus sna 1990idí. Tá gach ceann nua d'iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann ag feidhmiú go maith.

Is é an t-ioncam NPPR in 2024 €60k, i gcomparáid le €154k in 2023.

Bhí an Chomhairle in ann airgead a chaitheamh ar na nithe seo a leanas toisc go raibh ioncam breise agus coigilteas buiséid acu.

| Cur Síos                                             | Méid 2024 (€)    |
|------------------------------------------------------|------------------|
| Cistiú Meaitseála i gcomhair Tionscadail Athghiniúna | 1,348,931        |
| Cuntas Innealra                                      | 677,987          |
| Cosaint Shibhialta                                   | 535,000          |
| Máistirphlean Loch Cé                                | 500,000          |
| Linn Snámha Ros Comáin                               | 481,622          |
| Deontais tithíochta                                  | 474,402          |
| Tailte le haghaidh Tionscadal Bóthair                | 296,445          |
| Eastáit Neamhchríochnaithe                           | 266,000          |
| Leithdháileadh Ginearálta Bardasach                  | 255,000          |
| Tionscadail Chaipitil Eile                           | 251,839          |
| Máistirphlean Bhá Hodson                             | 250,000          |
| Ceannach talún                                       | 250,000          |
| Foirgnimh Chorparáideacha                            | 115,484          |
| Ionaid Fóntais Phoiblí                               | 100,000          |
| Veain na Leabharlainne                               | 75,000           |
| Linnte Snámha do Lapadáin an Chaisleáin Riabhaigh    | 50,000           |
| <b>Iomlán</b>                                        | <b>5,927,710</b> |

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain 2024 (Gníomhaíocht an Chuntais Ioncaim)

Tuairiscíodh barrachas €28k sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain 2024, ráiteas ina dtaifeadtar gníomhaíocht ioncaim agus caiteachais agus is féidir achoimre a dhéanamh air mar seo a leanas:

|                                    | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|------------------------------------|---------------|---------------|
| Caiteachas                         | 82,548        | 72,883        |
| Ioncam                             | 88,819        | 78,542        |
| Aistrithe chuig/ó Chúlchistí       | (6,243)       | (5,632)       |
| Barrachas (Easnamh) don Bhliain    | 28            | 27            |
| Iarmhéid Tosaigh Sochair (Dochair) | 297           | 270           |
| Iarmhéid Deiridh Sochair (Dochair) | 325           | 297           |

Is é seo a leanas an chomparáid idir an t-ioncam agus an caiteachas iarmhír agus an méid a bhí leagtha amach sa bhuiséad:

|                                              | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|----------------------------------------------|---------------|---------------|
| Caiteachas i gcomparáid le Buiséad Glactha   | (13,831)      | (6,548)       |
| Ioncam i gcomparáid leis an mBuiséad Glactha | 14,087        | 6,835         |
| Rátaí i gcomparáid le Buiséad Glactha        | (263)         | (260)         |
| CMÁ i gcomparáid le Buiséad Glactha          | 35            | -             |
| Barrachas/ (Easnamh) don Bhliain             | 28            | 27            |

Cuirtear tuarascáil mhionsonraithe ar dhifríochtaí sa chaiteachas agus ioncam i rannóga éagsúla faoi bhráid Chomhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin gach bliain, lena n-áirítear iarratas ar a faomhadh.

Bhí an Chomhairle ag brath go mór ar Dheontais Rialtais chun seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na háite faoi mar a léirítear i Nóta 15 leis na cuntais agus díreach mar a tuairiscíodh i mblianta roimhe seo. B’ionann Deontais Stáit agus fóirdheontais agus 50% den ioncam ar fad a fuarthas sa bhliain 2024, (2023 – 45%). B’ionann an leithroinnt ó Cháin Mhaoine Áitiúil, lena n-áirítear an maoiniú a fuarthas ón státchiste agus 14% den ioncam (2023 – 14%), agus fuarthas 14% ó Rátaí Tráchtála (2023 –16%). Earraí agus seirbhísí a bhí sa chuid eile faoi mar a léirítear in Aguisín 4 leis na cuntais.

Is ábhar imní go fóill é do Chomhairle Contae Ros Comáin an leithdháileadh ó Cháin Maoine Áitiúil i bhfianaise go bhfuarthas suim €8,155m ó mhaoiniú an státchiste chun an leibhéal seirbhísí riachtanach a choinneáil ar bun (i.e.):

|                                      | 2024<br>€'000 |
|--------------------------------------|---------------|
| 100% CMÁ a ranníocadh go háitiúil    | 3,839         |
| Leithdháileadh ón Státchiste         | 8,155         |
| Móide: 15% d'Athrúchán Suas          | 576           |
| <b>Leithroinnt iomlán ó CMÁ 2024</b> | <b>12,570</b> |

### Gníomhaíocht an Chuntais Chaipitil

Is féidir cur síos ar chaiteachas caipitiúil mar chaiteachas ar earraí a bhfuil saolré acu atá níos faide ná an bhliain inar dtabhaíodh é. I measc samplaí tá;

- Ceannach talún
- Ceannach agus athchóirithe tithe
- Móroibreacha feabhais ar bhóithre
- Grúpscéimeanna Uisce
- Ionaid Fóillíochta, Páirceanna agus Faichí
- Oifigí agus foirgnimh eile

Aithnítear Caiteachas Caipitil freisin faoi na ceannteidil ‘Sócmhainní Seasta’ agus ‘Obair ar Siúl’ sa Chlár Comhardaithe agus tá airgead atá dlite don Chomhairle Contae amhail an 31 Nollaig 2024 san áireamh.

Tá Caiteachas Cuntas Caipitil maoinithe ag foinsí éagsúla amhail Deontais, lasachtaí agus Ranníocaíochtaí Forbartha.

Tugann na hidirbhearta atá achoimrithe thíos forléargas ar leibhéal gníomhaíochta an Chuntais Chaipitil le linn na bliana 2024 (féach Aguisín 6):

|                                        | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|----------------------------------------|---------------|---------------|
| Caiteachas                             | (128,591)     | (52,058)      |
| Ioncam                                 | 123,620       | 50,953        |
| Barrachas (Easnamh) don Bhliain        | (4,971)       | (1,105)       |
| Iarmhéid Tosaigh Sochair (Dochair)     | 27,540        | 28,645        |
| Iarmhéid Deiridh ag deireadh na bliana | 22,569        | 27,540        |

Is iad na difríochtaí ama idir tabhú an chaiteachais agus tiomsú an ioncaim is cúis go príomha leis an iarmhéid deiridh ag deireadh na bliana

Clár Comhardaithe

Taispeánann an Clár Comhardaithe Sócmhainní Seasta dar luach €1,878M ag deireadh na bliana agus Obair ar Siúl agus Réamhoibreacha i ndáil le sócmhainní seasta ag €49M.

Bailiú Ioncaim

Tugtar anailís in Aguisín 7 ar fheidhmíocht an bhailithe maidir leis na príomhshruthanna ioncaim don bhliain 2024.

Léirítear sa tábla thíos feidhmíocht an bhailithe ón mbliain 2015 i leith.

|                      | 2024 | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|----------------------|------|------|------|------|------|------|------|------|------|------|
| Rátaí Tráchtála      | 92%  | 88%  | 89%  | 89%  | 68%  | 89%  | 86%  | 83%  | 91%  | 93%  |
| Cíosanna Tithíochta  | 89%  | 90%  | 91%  | 93%  | 93%  | 91%  | 92%  | 91%  | 92%  | 89%  |
| Iasachtaí Tithíochta | 89%  | 75%  | 71%  | 65%  | 62%  | 76%  | 55%  | 56%  | 58%  | 75%  |

Aitheantas

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ros Comáin as ucht a gcuid tacaíochta agus cúnamh agus iad ag déileáil leis na fadhbanna airgeadais a tháinig chun cinn le linn na bliana 2024.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an lucht bainistíochta agus le foireann na n-aonad gnó ar fad as a gcomhoibriú agus go háirithe le mo chomhghleacaithe san aonad gnó airgeadais as a gcúnamh maidir le Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2024 a ullmhú.

Seán Mullarkey

Seán Mullarkey  
Stiúrthóir Airgeadais



Comhairle Contae  
Ros Comáin  
Roscommon  
County Council



## Comhairle Contae Ros Comáin

### Deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach agus ón Stiúrthóir Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Táimidne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Airgeadais, freagrach as ráiteas bliantúil airgeadais a ullmhú de réir an chóid cleachtais cuntasáíochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Táimid freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an údaráis áitiúil agus lena gcumasaítear dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais a ullmhaítear na ceanglais reachtúla.

Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Seo na rudaí a rinneamar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú againn:

- luamar gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Chleachtais Cuntasáíochta agus gur cuireadh na beartais chuntasáíochta i bhfeidhm ar shlí chomhsheasmhach; agus,
- rinneamar breithiúnais agus meastacháin a bhí réasúnta agus stuama.

Deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Ros Comáin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 16 agus 17, ar aon dul leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na riachtanais chuntasáíochta a d'ordaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

**Shane Tiernan**  
Príomhfheidhmeannach

**Sean Mullarkey**  
Stiúrthóir Airgeadais, Soláthair,  
Fiontair, Rialaithe Foirgníochta  
agus Seirbhísí Éigeandála

**Dáta: 7 Aibreán 2025**

**Dáta: 7 Aibreán 2025**

## Tuairim an Iniúchára Neamhspleách chuig Comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais bliantúil Chomhairle Contae Ros Comáin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar atá leagtha amach ar leathanaigh 11 go 30, agus ina gcuimsítear an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar Staid an Airgeadais, an Ráiteas Sreabhaidh Cistí, agus nótaí leis na cuntais agus atá mar chuid díobh. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus é á ullmhú ná an Cód Cleachtais agus Rialacháin Chuntasaíochta mar atá forordaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

### Freagrachtaí na Comhairle agus an Iniúchára Rialtais Áitiúil

Tá an Chomhairle, de réir Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as na taifid chuntasaíochta go léir a choimeád lena n-áirítear an Ráiteas Bliantúil Airgeadais a ullmhú. Tá sé de fhreagracht ormsa, bunaithe ar m'iniúchadh, teacht ar thuairim neamhspleách faoin ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú duit.

### Scóip an iniúchta ar an ráiteas airgeadais

Rinne mé m'iniúchadh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Iniúcháireachta, mar atá forordaithe faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Déantar mionscrúdú ar bhonn tástála mar chuid d'iniúchadh ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sa ráiteas airgeadais bliantúil. Déantar measúnú freisin ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus an ráiteas airgeadais á ullmhú, agus déantar na beartais chuntasaíochta a mheas le fáil amach an bhfuil siad oiriúnach d'imthosca na Comhairle, an gcuirtear i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus an nochtar go cuí iad.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a dhéanamh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé a bheith riachtanach mar chorpas fianaise chun go bhféadfainn dearbhú réasúnach a thabhairt go raibh an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha, pé acu calaois nó earráid ba chúis leis.

### Tuairim ar an ráiteas airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann an ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais agus Rialacháin Chuntasaíochta d'údaráis áitiúla, léargas cothrom ar staid airgeadais Chomhairle Contae Ros Comáin amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

## Tuarascáil Reachtúil an Iniúcháir

D'ullmhaigh mé tuarascáil iniúcháir ghaolmhar freisin mar a fhoráiltear in Alt 120(1)(c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



---

Mary Keane  
Iniúcháir Rialtais Áitiúil  
Dáta: 24/9/2025

# RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## 1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir le Cód Cleachtais Cuntasaíochta ACoP maidir le cuntasaíocht údarás áitiúil arna leasú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) amhail an 31 Nollaig 2024. Ní mór neamhchomhlíonadh beartas cuntasaíochta mar atá leagtha amach in ACoP a lua sna Beartais agus Nótaí leis na Cuntais.

## 2. Ráiteas Sreabhaidh Cistí

Tugadh Ráiteas Sreabhaidh Cistí isteach mar chuid de RAB 2011. Cé gur cloíodh le treoir Chaighdeán 7 de chuid Cuntasaíocht Idirnáisiúnta maidir le Ráiteas Sreabhaidh Airgid, ní hionann gnó na n-údarás áitiúil agus gnó fhormhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, aontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeadh na sonraí a bheadh ar taispeáint fóinteach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Is ar an ábhar sin a thagraítear don ráiteas mar 'Ráiteas Sreabhaidh Cistí'. Tá Ráiteas Sreabhaidh Cistí mar chuid de na cuntais airgeadais anois agus taispeántar é díreach i ndiaidh an Ráitis ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17 – 22 leis an Ráiteas Sreabhaidh Cistí agus léirítear iad sna Nótaí leis an RAB agus tá siad mar chuid den rannán Cuntais de. Tugtar cuntas ar iarmhéideanna Tionscadail/Neamh-Thionscadail/Inacmhainne/Deonacha i Nóta 19, agus is féidir iarmhéid dochair nó iarmhéid sochair a bheith i gceist. Glactar leis maidir leis an sreabhadh cistí gur iarmhéideanna dochair iad seo agus is ar an mbonn seo a chuirtear síos ar an (Méadú)/Laghdú.

## 3. Fabhruithe

Ullmhaíodh an cuntas ioncaim ar bhonn fabhraithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais. Ullmhaítear an cuntas caipitil ar bhonn airgid, seachas idirbhearta a bhaineann le sonraisc ranníocaíochta forbartha a léirítear mar fhabhruithe. Fós féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur ar bhonn airgid amháin a dháiltear ranníocaíochtaí forbartha ar thionscadail.

## 4. Muirir Úis

Tá dhá chatagóir d'iasachtaí iníoctha ann:

- Iasachtaí lena mbaineann morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann morgáiste leo

### 4.1 Iasachtaí lena mbaineann Morgáiste

Gabhann sruth ioncaim ó réamhíocaíochtaí fadtréimhseacha (i.e. airgead a thug na húdaráis áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe) le hiasachtaí a bhaineann le morgáiste, chun tithe a cheannach. Ní dhéantar ach an ghné úis amháin a léiriú mar shochar sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

### 4.2 Iasachtaí nach mbaineann morgáiste leo

Tá na cineálacha iasachta sa chatagóir seo leagtha amach i Nóta 7 leis na cuntais. Ní ghabhann sruth ioncaim le hiasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais, maoiniú ioncaim. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan sa deireadh. Beidh luach comhfhreagrach i Nóta 3 ag iasachtaí a bhaineann leis na ceanteidil eile.

## 5. Pinsin

Gearrtar íocaíochtaí a bhaineann le pinsin agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí sin. Áirítear ar chostas na dtuarastal agus na bpánna sna cuntais asbhaintí i dtaca le sochair ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Baintreacha agus Dílleachtaí) faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus faoi Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Cuireadh tús le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann ranníocaíochtaí na bhfostaithe don Scéim Aonair a asbhaint i gcónaí ach ansin déantar iad ar fad a sheoladh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

## 6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Déantar Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dhéantar ar son údaráis áitiúla eile a aisghabháil ar chostas nó a aisghabháil de réir socruithe ar leith.

## 7. Soláthar in aghaidh Drochfhiach & Fiacha Amhrasacha

Rinneadh soláthar in aghaidh drochfhiach & fiacha amhrasacha sna cuntais chuí.

## 8. Sócmhainní Seasta

### 8.1 Aicmiú Sócmhainní

Cuirtear sócmhainní seasta i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá miondealú breise de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 leis na cuntais.

### 8.2 Aitheantas

Déantar caiteachas ar cheannach nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitliú ar bhonn fabhráithe.

### 8.3 Tomhas

Cuimsítear Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) ina bhfuil taifead ar shócmhainní uile an údaráis áitiúil i ngach Ráiteas Airgeadais Bliantúil ón mbliain 2003 i leith. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' arna heisiúint ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Is ag an gcostas stairiúil a áiríodh na sócmhainní uile a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 i leith. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais ar dháta amach anseo.

### 8.4 Athluacháil

Tá sé de pholasaí sócmhainní seasta a léiriú ag costas, faoi mar atá leagtha amach i leasú ar an gCód Cleachtais Cuntasaíochta. Níl costais chothabhála agus feabhsaithe a bhaineann le sócmhainní Bonneagair san áireamh faoi láthair i sócmhainní seasta, ach déanfar athbhreithniú orthu ar dháta amach anseo. Is mar gheall ar a staid fhisiciúil atá formhór mór na sócmhainní ar leith d'údaráis áitiúla agus mar sin ní féidir iad a dhiúscairt. Tugtar cuntas ag tráth na diúscairthe ar aon chaillteanas nó ghnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile ar féidir iad a dhiúscairt.

### 8.5 Diúscairtí

I ndáil le sócmhainní indiúscairthe, cuirtear ioncam isteach i gcúlchiste ar leith agus is gnách go n-úsáidtear é le sócmhainní nua a cheannach. Úsáidtear fáltas as díol tithe údaráis áitiúil faoi mar a threoraigh an RTRÁO.

### 8.6 Dímheas

Tá sé de nós faoin modh cuntasaíochta reatha an muirear dímheasa a fhritháireamh trí fhoinsé maoinithe na sócmhainne a amúchadh. Tá tionchar neodrach ag an modh seo ar loncam & Caiteachas agus dá bharr sin ní dhéantar an muirear dímheasa agus an sochar ó amúchadh a ghabhann leis a chur san áireamh sa Ráiteas loncaim Cuimsitheach (Ráiteas loncaim agus Caiteachais).

Is iad seo a leanas na beartais a bhaineann le sócmhainní a bhféadfadh dímheas a bheith i gceist leo:

| Cineál Sócmhainne                        | Boinn | Ráta Dímheasa                                 |
|------------------------------------------|-------|-----------------------------------------------|
| Gléasra & Innealra                       |       |                                               |
| - Saol Fada                              | S/G   | 10%                                           |
| - Saol Gearr                             | S/G   | 20%                                           |
| Trealamh                                 | S/G   | 20%                                           |
| Troscán                                  | S/G   | 20%                                           |
| Sócmhainní Oidhreachta                   |       | 0%                                            |
| Leabhair Leabharlainne                   |       | 0%                                            |
| Clóis Súgartha                           | S/G   | 20%                                           |
| Páirceanna                               | S/G   | 2%                                            |
| Láithreáin Líonta Talún (*Féach an nóta) |       |                                               |
| Sócmhainní Uisce                         |       |                                               |
| - Scéimeanna uisce                       | S/G   | Saolré shócmhainne atá sa bhreis ar 70 bliain |
| - Scéimeanna draenála                    | S/G   | Saolré shócmhainne atá sa bhreis ar 50 bliain |

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrfaidh siad bliain iomlán dímheasa sa bhliain ina gceannaítear iad.

**\*Áiríodh luach na suíomh líonta talún i nóta 1 faoi thalamh. Is ionann an dímheas agus ídiú na sócmhainne líonta talún.**

9. Deontais Rialtais

Léirítear Deontais Rialtais ar bhonn fabhraithe. Léirítear deontais a fhaightear le haghaidh oibríochtaí laethúla mar shochar sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Léirítear deontais a fhaightear i dtaca le tógáil sócmhainní mar chuid den ioncam a bhaineann le hobair idir lámha. Nuair a thugtar an tionscnamh chun críche aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitilthe.

10. Féichiúnaithe Forbartha & Ioncam uathu

Áirítear tobhaigh ghearrthéarmacha forbartha nach bhfuil íoctha ag féichiúnaithe fós i nóta 5. Tá ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le hóc laistigh den bhliain reatha curtha siar agus ní dhéantar léiriú ar leith orthu sna ráitis airgeadais.

11. Fuascailt Fiach

Déantar na fáлтаis a fhaightear ó luathfhuascailt iasachtaí ag iasachtaithe a úsáid i dtaca le luathfhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

12. Scéimeanna Léasa

Léirítear íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais, cuimsítear iad sna sócmhainní seasta. Léirítear an méid atá dlite ar iarmhéideanna neamhíoctha faoi dhliteanas reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

13. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn méanchostais.

14. Obair ar Siúl agus Réamhchaiteachas

Is éard is obair ar siúl agus réamhchaiteachas ann ná an costas stairiúil carntha ar thionscadail éagsúla a bhfuil baint acu le caipiteal. Léirítear an t-ioncam fabhraithe i dtaca leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam as Obair ar Siúl'.

## 15. Leasanna i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá leas Chomhairle Contae Ros Comáin i gcuideachtaí liostaithe in Aguisín 8.

## 16. Páirtithe Gaolmhara

Aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar is ea idirbheart páirtí. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhpáirtithe gaolmhara d'údarás áitiúil:

- i. An Lucht Bainistíochta agus an Pearsanra
- ii. Comhaltaí na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá comhaltaí comhairle agus príomhphearsanra Údaráis Áitiúil faoi cheangal ag na hailt ábhartha den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus ag an reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a. dearbhú bliantúil a chur ar fáil maidir le 'leasanna is gá a fhógairt' arna leagan amach in alt 175 den Acht;
- b. leasanna tairbhiúla ar bith atá acu nó atá ag duine ar bith a bhaineann leo a nochtadh faoi ailt 167, 178 agus 179; agus
- c. cloí le cód iompair a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 sa bhliain 2004.

Cuimsíonn 'Leasanna is gá a fhógairt' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile amhail talamh srl.

Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht tuarastail agus luachanna saothair do lucht bainistíochta agus do phearsanra na n-údarás áitiúil a chinneadh i gcomhréir le beartas an rialtais láir maidir le rátaí pá.

Tá leasanna na nÚdarás Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair léirithe in Aguisín 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Tá idirbhearta Údarás Áitiúil le ranna rialtais faoi réir ag rialuithe an rialtais láir agus ag nósanna imeachta arna spreagadh ag rialacha cuntasaíochta rialtais.

## 17. Ag Tabhairt Cuntas ar Chaiteachas

Tugtar cuntas sa rannán ábhartha ar chaiteachas maidir le beartas m.sh. E15 Gníomhú ar son na hAeráide agus Tuilte. Tugtar cuntas ar chaiteachas oibríochtúil sa réimse ina dtabhaítear an caiteachas m.sh. Tithíocht, Bóithre, srl. Tá an méid seo ag teacht le córas costála na nÚdarás Áitiúil, córas ina gcaitear na costais go léir a bhaineann le seirbhís a chur san áireamh i gcostas iomlán na seirbhíse/fo-sheirbhíse sin.



## CUNTAIS AIRGEADAIS

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH  
(RÁITEAS AR AN gCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

Tugann an Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais gach ioncam agus caiteachas le chéile a bhaineann le hioncam. Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Déantar i Nóta 16 aistrithe a leithdháileadh de réir rannán seirbhíse, agus déantar é sin san fhormaid chéanna atá i dTábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

| Caiteachas de réir Rannáin                                                     |           | Ollchaiteachas<br>2024<br>€ | Ioncam<br>2024<br>€ | Glanchaiteachas<br>2024<br>€ | Glanchaiteachas<br>2023<br>€ |
|--------------------------------------------------------------------------------|-----------|-----------------------------|---------------------|------------------------------|------------------------------|
|                                                                                | Nótaí     |                             |                     |                              |                              |
| Tithíocht agus Tógáil                                                          |           | 10,018,617                  | 12,124,415          | (2,105,799)                  | (1,842,674)                  |
| Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair                                             |           | 32,238,608                  | 24,967,963          | 7,270,645                    | 7,009,827                    |
| Seirbhísí Uisce                                                                |           | 5,995,119                   | 6,304,942           | (309,823)                    | (332,093)                    |
| Bainistíocht Forbartha                                                         |           | 14,962,113                  | 9,957,159           | 5,004,954                    | 4,624,481                    |
| Seirbhísí Comhshaoil                                                           |           | 7,925,636                   | 2,303,633           | 5,622,003                    | 5,430,560                    |
| Caitheamh Aimsire agus Áiseanna                                                |           | 6,176,851                   | 1,376,860           | 4,799,991                    | 4,305,759                    |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara                                                     |           | 667,767                     | 427,403             | 240,365                      | 305,591                      |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha                                                       |           | 4,563,564                   | 6,327,490           | (1,763,925)                  | (1,939,806)                  |
| <b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>                                                | <b>15</b> | <b>82,548,275</b>           | <b>63,789,864</b>   |                              |                              |
| <b>Glanchostas na Rannán a mhaoineofar as Rátaí &amp; Cáin Mhaoine Áitiúil</b> |           |                             |                     | <b>18,758,411</b>            | <b>17,561,644</b>            |
| Rátaí                                                                          |           |                             |                     | 12,460,320                   | 12,464,375                   |
| Cáin Mhaoine Áitiúil                                                           |           |                             |                     | 12,569,502                   | 10,756,634                   |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe                                |           |                             |                     | <b>6,271,411</b>             | <b>5,659,364</b>             |
| Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí                                                  | 14        |                             |                     | (6,242,941)                  | (5,632,245)                  |
| Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain                                         | 16        |                             |                     | <b>28,470</b>                | <b>27,120</b>                |
| Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Eanáir                                             |           |                             |                     | 297,114                      | 269,994                      |
| Cúlchiste Ginearálta @ an 31 Nollaig                                           |           |                             |                     | <b>325,584</b>               | <b>297,114</b>               |

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE)  
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024

|                                                                                    | Nótaí | 2024<br>€            | 2023<br>€            |
|------------------------------------------------------------------------------------|-------|----------------------|----------------------|
| <b>Sócmhainní Seasta</b>                                                           | 1     |                      |                      |
| Feidhmiúil                                                                         |       | 248,579,245          | 239,955,816          |
| Infreastruchtúrach                                                                 |       | 1,615,664,454        | 1,615,664,454        |
| Pobal                                                                              |       | 12,766,308           | 12,767,727           |
| Neamhfheidhmiúil                                                                   |       | 1,178,677            | 1,178,676            |
|                                                                                    |       | <b>1,878,188,685</b> | <b>1,869,566,674</b> |
| <b>Obair ar Siúl agus Réamhspeansais</b>                                           | 2     | <b>49,025,159</b>    | <b>35,345,075</b>    |
| <b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>                                                  | 3     | <b>12,140,668</b>    | <b>11,475,821</b>    |
| <b>Sócmhainní Reatha</b>                                                           |       |                      |                      |
| Stoic                                                                              | 4     | -                    | -                    |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhiocaíochtaí                                        | 5     | 6,844,632            | 4,837,061            |
| Infheistíochtaí Bainc                                                              |       | 6,757,338            | 9,227,167            |
| Airgead Tirim sa Bhanc                                                             |       | 18,585,613           | 21,588,224           |
| Airgead faoi Bhealach                                                              |       | 102,388              | 129,678              |
|                                                                                    |       | <b>32,289,971</b>    | <b>35,782,130</b>    |
| <b>Dlíteanais Reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)</b>          |       |                      |                      |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe                                                      | 6     | 9,875,499            | 8,582,269            |
| Léasanna Airgeadais                                                                |       | 180,369              | -                    |
|                                                                                    |       | <b>10,055,868</b>    | <b>8,582,269</b>     |
| <b>Glansócmhainní / (Dlíteanais) Reatha</b>                                        |       | <b>22,234,103</b>    | <b>27,199,861</b>    |
| <b>Creidiúnaithe: (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin ar a laghad)</b> |       |                      |                      |
| Íasachtaí Iníoctha                                                                 | 7     | 28,190,629           | 27,850,627           |
| Léasanna Airgeadais                                                                |       | 781,223              | -                    |
| Éarlaisí Inaisíoctha                                                               | 8     | 1,103,004            | 932,360              |
| Eile                                                                               |       | 3,496,859            | 3,323,452            |
|                                                                                    |       | <b>33,571,714</b>    | <b>32,106,439</b>    |
| <b>Glansócmhainní</b>                                                              |       | <b>1,928,016,901</b> | <b>1,911,480,991</b> |
| <b>Arna Léiriú ag</b>                                                              |       |                      |                      |
| Cuntas Caipitlithe                                                                 | 9     | 1,878,188,685        | 1,869,566,674        |
| WIP Ioncaim                                                                        | 2     | 41,196,625           | 33,130,923           |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim                                                       |       | 325,584              | 297,114              |
| Cúlchistí Sonracha Eile                                                            |       | -                    | -                    |
| Iarmhéideanna Eile                                                                 | 10    | 8,306,008            | 8,486,281            |
| <b>Cúlchistí Iomlána</b>                                                           |       | <b>1,928,016,901</b> | <b>1,911,480,991</b> |

RÁITEAS SREABHAIDH CISTÍ  
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024

|                                                                                                   | Nótaí | 2024<br>€    | 2024<br>€    |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------|-------|--------------|--------------|
| GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM                                                                            |       |              |              |
| Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan)<br>ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin                            | 17    |              | (685,871)    |
| GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL                                                                           |       |              |              |
| Torthaí ar Infheistíocht agus ar Fhónamh ar Airgeadas                                             |       |              |              |
| Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Caipitlithe Sócmhainní Seasta,                                         |       | 8,622,011    |              |
| Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú le haghaidh Obair ar Siúl/ar Réamh-Mhaoiniú,                           |       | 8,065,702    |              |
| Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchistí                                                         | 18    | 1,017,925    |              |
| Insreabhadh Glan/(Eis-sreabhadh Glan) ó Thorthaí ar Infheistíocht<br>agus Seirbhísiú ar Airgeadas |       |              | 17,705,638   |
| Caiteachas Caipitil & Infheistíocht Airgeadais                                                    |       |              |              |
| (Méadú)/Laghdú ar Shócmhainní Seasta                                                              |       | (8,622,011)  |              |
| (Méadú)/Laghdú ar Obair ar Siúl/ Réamh-Mhaoiniú                                                   |       | (13,680,084) |              |
| (Méadú)/Laghdú in Iarmhéideanna Caipitil Eile                                                     | 19    | (374,292)    |              |
